

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

503

EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ CÉADA OIN, 16 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00-4.30

FREAGAIR SÉ CHEIST AR BITH

Ceist 1. Freagair sé cheist ar bith díobh seo a leanas:

- (a) Luaigh dhá shaintréith a bhaineann le hithir ghléineach.
- (b) Ainmnigh trí chúis go n-úsáidtear féar mar bhia d'ainmhithe feirme.
- (c) Mínigh cén fáth go ndéantar srianadh ar aifidí i dtáirgeadh prátaí síl.
- (d) Mínigh an téarma "ceannaire-leanúnaí" a úsáidtear ag tagairt do chóras innilte.
- (e) Luaigh dhá chúis le nach mbeadh fáil ag plandaí ar leasacháin tar éis iad a bheith leata amach san earrach.
- (f) Luaigh na príomh-chomhábhair in ithir.
- (g) Ainmnigh an modh lena ndéantar iomadú ar phrátaí de ghnáth.
- (h) Mínigh an téarma siombóis.
- (i) Ainmnigh na horgánaigh atá le fáil i bhfréamhnóidíní planda léagúmaigh.
- (j) Mínigh cén fáth nach féidir le lao cuid tiúcháin a dhíleá ag aois an-óg.

(60 marc)

Ceist 2. (a) Mínigh conas a chabhraíonn dhá orgánach ainmnithe ar leith le feabhas a chur ar dhálaí ithreach.

(b) Breacrianaigh na buntáistí atá ag cóimheas ard d'ábhar orgánach d'ithir.

(c) Mínigh conas a chuireann leasú talún le haolchloch feabhas ar phlandaí ó thaobh sláinte agus ráta fáis de.

(48 marc)

- Ceist 3.** (a) Tabhair cuntas ar thrí thoisc ar bith a théann i bhfeidhm ar thál bliantúil bainne ó thréad déiríochta.
- (b) Luaigh na príomh-chomhábhair atá i mbainne.
- (c) Tabhair cuntas ar mhionscrúdú eolaíochta a rinne tú i saotharlann chun miocrorgánaigh a aimsiú i mbia ainmnithe ar bith.

(48 marc)

NÓ

- Ceist 3.** (a) Mínigh cén fáth a rangáítear eallach agus caoirigh mar athchogantaigh.
- (b) Bain úsáid as léaráid lipéadaithe chun structúr croí caorach a léiriú.
- (c) Déan idirdhealú idir riachtanais bheatha don chothú agus don táirgeadh i gcás ainmhithe feirme.

(48 marc)

- Ceist 4.** (a) Mínigh cén fáth go mbíonn próitéin mar chomhábhar i mbia d'ainmhithe feirme.
- (b) Tabhair cuntas ar thrí thoisc a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar bhail chorpartha ainmhithe feirme a ainmníonn tú, in aois bliana dó.
- (c) Déan cur síos ar chóras táirgeadh mairteola go bhfuil taithí agat air.

(48 marc)

- Ceist 5.** (a) Déan cur síos ar na tosca a théann i bhfeidhm ar bharr féir nó ar shadhlas i bhfeirm, ó thaobh méid agus cáilíocht de.
- (b) Déan cur síos ar aon dá chóras féaraigh a úsáidtear i bhfiontar feirmeoireachta caorach nó eallach.
- (c) Déan cur síos ar mhionscrúdú allamuigh a rinne tú chun tairbhe leasacháin ainmnithe ar bháinseach féir nó ar bharr gráin a mheas.

(48 marc)

- Ceist 6.** (a) Breacrianaigh an tábhacht atá le dea-bhainistíocht agus barra fréimhe nó gráin den chéad scoth á mbunú agus á bhfás ar fheirm.
- (b) Mínigh conas a mheasfá cén toradh in aghaidh an heicteáir a bheadh le fáil ó bharr curaíochta a ainmníonn tú.
- (c) Mínigh cén fáth an bhfuil méid ard d'ábhar tirim ianmhianaithe i mbarr curaíochta nuair atá an fómhar á bhaint.

(48 marc)

- Ceist 7.** (a) Míneigh gach ceann de na téarmaí seo leanas:
ubhsceitheadh, géin, ailléil.
- (b) I gcás planda pise, bíonn na síolta cruinne (**RR**) ceannasach ar na síolta roicneacha (**rr**).
Luaigh géinitíopa agus féinitíopa na síolta a bheadh mar thoradh ar gach ceann de na crosálacha seo leanas;
- (i) planda homaisigeach le síol cruinn crosáilte le planda heitrisigeach le síol cruinn.
(ii) planda heitrisigeach le síol cruinn crosáilte le planda le síol roicneach.
- (c) Bíonn go leor samplaí de phlandaí hibrideacha *F1* sna catalóga síolta. Tabhair sampla den chineál sin planda agus luaigh cén tairbhe atá ag baint leis i gcúrsaí talmhaíochta.
- (48 marc)**

- Ceist 8.** Freagair dhá cheann ar bith díobh seo leanas:
- (a) Míneigh conas a d'fhéadfadh trí thoisce imshaoil ar bith a ainmníonn tú dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fhás banbh nó uan.
- (b) Breacrianaigh clár beathaithe do bhainbh nó d'uain ó bhreith go dtí staid an scoite.
- (c) Déan liosta de thrí dhúil mhianracha agus trí vitimín agus luaigh an fheidhm atá ag mianra amháin agus ag vitimín amháin i gcorp an ainmhí.
- (48 marc)**

- Ceist 9.** Tabhair míniú eolaíoch ar **cheithre cinn** ar bith díobh seo a leanas:
- (a) Teipeann ar líon mór síolta péacadh a dhéanamh i bpáirc ina bhfuil maoschlár ard.
- (b) Tagann athrú datha ar iaidín nuair a chuirtear le tuaslagán a úsctar as tiúbar phráta é.
- (c) Fás tapaidh na ngas i síológa sa tréimhse a leanann péacadh.
- (d) Osmóis i bhfréamhribí plandaí.
- (e) Ard mhinicíocht de phucháin ae in eallaigh a bhíonn ag innilt ar thalamh fliuch.
- (48 marc)**